# Údarás Uchtála na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2012

# Comhaltas an Bhoird - 2012

An Dr. Geoffrey Shannon, Cathaoirleach

Helen Collins, Leaschathaoirleach

Siobhan Keogh

Corrina Carrick

An Dr. Ann McWilliams

An Dr. Imelda Ryan

| | |
|---|---|
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: | Pat Bennett |
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Conor Kerlin (Ar scor ón 28 Feabhra 2012) |
| Cláraitheoir & Ceann Oibríochtaí: | Kiernan Gildea |
| Príomhoibrí Sóisialta Gníomhach: | Celia Loftus |

# Tuarascáil ó

# Údarás Uchtála

# na hÉireann don bhliain 2012

**Do: Frances Fitzgerald, T.D.**

**Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,**

**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.**

# Clár

Athbhreithniú an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar an mbliain 2012.......................7

## 1. UCHTÁIL BHAILE ..........................................................................................10

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí ...........................................................................................10
- Dul i gcomhairle leis an Athair Breithe /An Ard-Chúirt .....................................................10
- Treoirlínte maidir le hUchtáil Bhaile .................................................................................10
- Saincheisteanna suntasacha ...........................................................................................10

## 2. FAISNÉIS AGUS LORGAIREACHT ........................................................12

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí ...........................................................................................12
- An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil (NACPR) ..........................12
- Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht .............................................................12
- Saincheisteanna suntasacha ...........................................................................................13

## 3. UCHTÁIL IDIR TÍORTHA ..................................................................................14

- Anailís ar Ghníomhaíochtaí ...........................................................................................14
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha, Tíortha Choinbhinsiún na Háige .............14
- Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha, Tíortha nach Tíortha Choinbhinsiún na Háige iad ...........................................................................................16
- Saincheisteanna suntasacha ...........................................................................................16

## 4. TÁBLAÍ STAITISTIÚLA ..................................................................................17

# An Tírdhreach Athraithe ina ndéantar Uchtáil

Ba bhliain tháirgiúil rathúil í an bhliain 2012 d'Údarás Uchtála na hÉireann.

I mí na Samhna, d'fháiltigh an tÚdarás roimh an Reifreann maidir le Leanaí ós rud é gur tharraing sé aird ar chearta agus ar leasanna leanaí gur fhéach sé lena chinntiú go dtugtar éisteacht do ghuth an linbh le linn a bheith ag plé le gach ní a bhaineann le leanaí. Tá baint aige sin go háirithe le cúrsaí uchtála nuair is amhlaidh, de réir an dea-chleachtais, go mbíonn an leanbh i gcroílár an phróisis agus i gcás ina bhfuil aois agus leibhéal aibíochta ag tromlach na leanaí atá i gceist in uchtálacha baile a fhágann go dtugtar aird chuí ar a gcuid mianta agus go dtéitear i gcomhairle go cuí leo maidir leis an uchtáil.

Maidir leis an aitheantas a thugtar i bhfoclaíocht an reifrinn don ghá le huchtáil a bheith ar fáil mar rogha ag roinnt leanaí atá i gcúram fadtéarma altramais, is athrú é a bhfuil fáilte roimhe i measc leanaí agus teaghlaigh atá ag iarraidh aitheantas dlíthiúil buan, feabhsú agus neartú a bhaint amach i leith na dáimhe teaghlaigh atá ann eatarthu de bharr na mblianta atá caite acu le chéile. Go deimhin, is é a leanfaidh as foclaíocht an reifrinn ná go mbeidh líon níos mó leanaí atá i gcúram altramais fadtéarma ar fáil lena n-uchtáil. Baineann sé le haon leanbh, cibé acu a rugadh laistigh de phósadh nó lasmuigh de. Thairis sin, samhlaítear le foclaíocht an reifrinn go bhféadfar aon leanbh (cibé acu laistigh de phósadh nó lasmuigh de) a shuíomh go saorálach lena uchtáil/huchtáil.

Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán i leith uchtáil bhaile agus, chuige sin, tá sé tar éis oibriú go dlúth le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i rith na bliana d'fhonn leanaí a raibh gá acu le teaghlaigh uchtaíocha in Éirinn a shuíomh ar mhodh tráthúil leanbh-lárnaithe. Is dócha go ndéanfaidh foclaíocht an reifrinn difear réadúil dearfach do réimse na huchtála agus, faoi láthair, tá breithniú á dhéanamh ag an Údarás i dtaobh conas a bhainisteoidh sé na cúinsí athraithe, i dtaca le huchtáil de, tar éis an reifrinn.

I rith na bliana 2012, lean an tÚdarás de na caibidlíochtaí le roinnt dlínsí agus é ag iarraidh socruithe riaracháin a thabhairt i gcrích i réimse na huchtála idir tíortha. Cumasaíonn socruithe den sórt sin don Údarás bonneagar uchtála idir tíortha a bhunú. Go háirithe, trí shocruithe den sórt sin cinntítear oibriú réidh éifeachtúil na huchtála idir tíortha agus tugtar cabhair maidir le leas leanaí, a mbaineann uchtáil idir tíortha leo, a chur ar aghaidh agus a chosaint. Chuige sin, thug an tÚdarás socrú riaracháin a gcrích le Vítneam i Meán Fómhair 2012 agus tá úsáid á baint as an socrú sin mar mhúnla i leith caidreamh uchtála Vítneam le tíortha eile.

Is eol don Údarás go bhfuil leanaí ann in institiúidí Stáit agus i gcórais altramais de chuid roinnt tíortha, ar leanaí iad a bhfuil gá acu le suíomhanna cheanúla ar féidir le teaghlaigh Éireannacha iad a chur ar fáil i gcomhréir le caighdeáin Choinbhinsiún na Háige. Gach bliain, oibríonn an tÚdarás de réir na n-acmhainní a bhíonn ar fáil chun caidreamh a chruthú agus/nó a chothabháil le tíortha ina bhfuil leanaí a bhfuil cónaí orthu in institiúidí agus a bhfuil gá acu le huchtáil idirnáisiúnta chun buaine, cúram, grá agus struchtúr saoil teaghlaigh a chur ar fáil do na leanaí sin. I gcomhréir le caighdeáin Choinbhinsiún na Háige, le beartais UNICEF agus le taighde de chuid Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta, creideann an tÚdarás gurb ionann uchtáil

idir tíortha agus rogha mhalartach i dtaca le cúram institiúideach agus nach mór leas agus sábháilteacht leanaí a chosaint agus a choimirciú ar fud an phróisis. Mar thoradh ar an ábhar imní atá ann faoi chleachtais aindleathacha neamheiticiúla i dtaca le próisis uchtála idir tíortha de, cuirtear i gcuimhne dúinn go soláthraíonn caighdeáin agus modhanna rialála Choinbhinsiún na Háige coimircí riachtanacha a chosnaíonn leanaí. Tríd an leanbh agus a chuid/cuid riachtanas agus mianta a choimeád i lár an phróisis, cuirtear i gcuimhne dúinn gurb amhlaidh, d'ainneoin go bhfuil an ceart ag gach leanbh chun teaghlach a bheith acu, nach bhfuil teidlíocht ná ceart ag aon duine leanbh a uchtáil.

Sa bhliain 2012, d'fhéach an tÚdarás lena chinntiú, trí úsáid éifeachtúil a bhaint as a láithreán gréasáin agus trí fhaisnéis a scaipeadh trí na hoibrithe gairmiúla sóisialta atá bainteach leis an bpróiseas measúnachta, go mbíonn tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha ullamh le haghaidh phróifíl athraithe na leanaí inuchtaithe thar lear. Le blianta beaga anuas, tá laghdú suntasach tagtha ar an líon leanaí atá á n-uchtáil ar fud an domhain rud a tharla mar thoradh ar na caighdeáin atá forchurtha ag Coinbhinsiún na Háige agus ós rud é go bhfuil creataí intíre cosanta leanaí á gcur i bhfeidhm ag cuid mhór tíortha agus é mar aidhm ag na creataí sin leanaí a choimeád ina dtír dhúchais. Is minic a bhíonn leanaí os cionn ocht mí dhéag d'aois anois nuair a thagann siad chun bheith ar fáil le haghaidh uchtáil idir tíortha, bíonn siad idir trí bliana agus sé bliana d'aois de ghnáth, d'fhéadfadh sé go mbeadh siblín níos sine nó níos óige acu, agus tá riachtanais bhreise sláinte/leighis ag cuid mhór acu. Is é atá sa treocht idirnáisiúnta ná go mbíonn leanaí á suíomh, ar an meán, nuair a bhíonn siad thart ar cheithre bliana d'aois tar éis dóibh 44 mhí a chaitheamh i gcúram institiúideach. Tá an gá go mbeadh eolas ar theanga an linbh an-tábhachtach. Ar bhealaí áirithe, mar gheall ar iompar dúshlánach cuid mhór leanaí, léiríonn an próiseas measúnachta reatha le haghaidh uchtáil idir tíortha na cumais tuismitheoireachta atá ag teastáil le haghaidh cúram altramais in Éirinn. I gcuid mhór cásanna, mar thoradh ar mhíchothú agus institiúidiú, ní mór tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a ullmhú chun déileáil le saincheisteanna deacra a bhaineann le frithghníomh maidir le cúrsaí báúlachta, ar saincheisteanna iad a mbíonn impleachtaí fadtéarmacha acu do leas an linbh, agus ní mór do na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha a bheith in ann déileáil leis na saincheisteanna sin.

D'fháiltigh an tÚdarás le fógairt an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald, T.D., maidir leis an rún a bhí aici reachtaíocht a thabhairt isteach i ndáil le faisnéis agus lorgaireacht agus tacaíonn an tÚdarás leis an reachtaíocht is láidre agus is féidir sa réimse seo.

Tá sé tugtha dá aire ag an Údarás go bhfuil an Coinbhinsiún Eorpach maidir le hUchtáil Leanaí, arna athbhreithniú, daingnithe ag roinnt ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa. Thug Comhairle na hEorpa an ionstraim sin isteach sa bhliain 2008 mar iarracht chun creat nua-aimseartha a chur ar fáil i leith uchtáil leanaí. Is ionann í agus comhthoil idirnáisiúnta maidir le huchtáil leanaí inghlactha agus léiríonn sí tuairimí éagsúla, éagsúlacht dhlíthiúil agus comhoidhreacht na mballstát.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus le comhaltaí Bhord an Údaráis as a dtiomantas agus as a ndíograis i leith obair an Údaráis. Is mór againn gach rud a dhéanann siad.

Ina theannta sin, is mian linn buíochas a léiriú i leith na tacaíochtaí leanúnaí agus an chúnaimh leanúnaigh a fhaightear ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ó fhoireann Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Pat Bennet** **An Dr. Geoffrey Shannon**
**Príomhoifigeach FeidhmiúcháinCathaoirleach**

# ATHBHREITHNIÚ AR AN mBLIAIN

# 1. UCHTÁIL BHAILE

## Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Sa bhliain 2012, dheonaigh Údarás Uchtála na hÉireann 79 nDearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta i leith iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh in Éirinn. Deonaíodh 49 n-ordú uchtála an bhliain chéanna. Bhain 33 cinn díobh sin le huchtálacha teaghlaigh agus bhain 16 cinn díobh le huchtálacha neamhtheaghlaigh (féach Táblaí 1-2). Ba mhéadú beag é sin i gcomparáid leis an líon dearbhuithe agus orduithe uchtálacha a deonaíodh sa bhliain 2011.

Tharla an méadú sin go páirteach mar thoradh ar an laghdú ar mhoilleanna i dtaca le próiseáil na n-iarratas a bhí ann trí leas a bhaint as an gcúnamh a tugadh do na soláthróirí seirbhíse d’fhonn soiléiriú a dhéanamh ar théarmaí an Achta Uchtála 2010 agus, chomh maith leis sin, mar thoradh ar nósanna imeachta nua a cuireadh i bhfeidhm i leith suíomh naíonán ar mhaithe le Coinbhinsiún na Háige a chomhlíonadh.

## Dul i gcomhairle leis an Athair Breithe /An Ard-Chúirt

Tar éis an tAcht Uchtála 2010 a achtú, b’éigean don Údarás, maidir le roinnt iarratas a bhí faighte aige agus a bhain go sonrach le huchtáil ag strainséirí, ceadú a fháil ón Ard-Chúirt chun naíonán a shuíomh lena uchtáil/huchtáil agus, thairis sin, a iarraidh ar an Ard-Chúirt ceadú a thabhairt i ndáil le hordú cúirte a dhéanamh

(a) i gcás inar cuí fógra a thabhairt d’athair breithe,
(b) i gcás nach raibh ainm athar linbh ar eolas, nó
(c) i gcás inar dhiúltaigh an mháthair céannacht an athar a nochtadh de bhun Alt 30 den Acht. Tá an gá le ceadú a fháil ón Ard-Chúirt faoin reachtaíocht nua ina chúis le moilleanna móra maidir le hiarratais uchtála a phróiseáil agus maidir le bailchríoch a chur orthu.

Mar chuid d’fheidhm rialála an Aonaid Uchtála Baile, lean an t-aonad d’fhaireachán a dhéanamh ar na soláthróirí seirbhíse go léir atá bhí bainteach le huchtáil bhaile, agus de thacaíocht a thabhairt dóibh, d’fhonn seirbhís náisiúnta uchtála de chineál ardchaighdeáin, caighdeánaithe agus comhtháite a chur ar fáil.

## Treoirlínte maidir le hUchtáil Bhaile

Leanadh den obair ar ‘Treoirlínte maidir le Cleachtas i réimse na hUchtála Baile’. Trí na Treoirlínte sin, déanfar creat caighdeánaithe maidir le próiseáil na n-uchtálacha baile go léir ar mhodh aonfhoirmeach tráthúil, ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal réigiúnach ar fud na tíre, a sholáthar d’oibrithe sóisialta, do riarthóirí agus Bhainisteoirí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/na gComhlachtaí Creidiúnaithe. Foilseofar na treoirlínte sa chéad leath den bhliain 2013.

***Saincheisteanna suntasacha***

Mar atá luaite i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, ní ceart go mbeadh ar mháithreacha nádúrtha/breithe a leanaí féin a uchtáil in uchtálacha leastuismitheora agus is ceart socrú a dhéanamh chun ligean dóibh a stádas mar thuismitheoir nádúrtha an linbh a choimeád. Tá an tÚdarás den tuairim freisin nach ionann uchtáil agus an réiteach is fearr i gcónaí in uchtálacha teaghlaigh agus leastuismitheora agus gur ceart breithniú a dhéanamh ar mhodh dlíthiúil éigin eile (amhail caomhnóireacht chomhroinnte) d'fhonn cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí uchtaíocha, amhail fearchéile máthar nádúrtha/breithe, a bhunú gan cearta agus freagrachtaí an athar nádúrtha/breithe a mhúchadh.

Mar atá luaite ag an Údarás in aighneachtaí a rinneadh roimhe seo maidir le reachtaíocht leasaitheach, tá sé tugtha faoi deara go bhfuil difríocht shuntasach ann idir aois uchtaitheoirí a rinne uchtáil intíre sa bhliain 2012 agus aois daoine a roghnaigh uchtáil idir tíortha. Ní dhearnadh uchtáil bhaile naíonáin anaithnid a dheonú do thuismitheoir os cionn 43 bliana d'aois. Cuireadh roinnt uchtálacha altramais fadtéarma agus roinnt uchtálacha teaghlaigh i gcrích i bhfabhar lánúineacha san aoisghrúpa is sine de bharr cineál an chaidrimh a bhí ann idir na hiarratasóirí agus an leanbh. Molann an tÚdarás go leanfar den chleachtas sin ar mhaithe le leas leanaí agus i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, molann an tÚdarás don Aire scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtabharfaí reachtaíocht leasaitheach isteach chun ligean don Bhord iarratais uchtála a phróiseáil i gcásanna ina n-athphósann baintreach nó baintreach fir agus gur mian léi/leis go mbeidh cearta agus freagrachtaí dlíthiúla ag a dara/dhara céile i ndáil le leanaí a céad/chéad phósadh.

Molann an tÚdarás don Aire scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go leasófaí an reachtaíocht i ndáil leis an gceanglas atá ann go dtabharfaidh an Ard-Chúirt údarú maidir le leanúint ar aghaidh le huchtáil i gcás nach dtéitear i gcomhairle leis an athair nádúrtha/breithe. Roimh achtú an Achta Uchtála 2010, bhí an freagracht ar an iar-Bhord Uchtála i ndáil leis na nithe sin.

## 2. FAISNÉIS AGUS LORGAIREACHT

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí:

Sa bhliain 2012, fuair an tAonad Faisnéise agus Lorgaireachta corradh beag le 1,800 iarraidh i scríbhinn, le litir agus le ríomhphost, ar fhaisnéis agus/nó ar chúnamh ó dhaoine den phobal, ó Chomhlachtaí Creidiúnaithe, ó Fheidhmeannachtaí Réigiúnacha na Seirbhíse Sláinte agus ó chomhlachtaí poiblí eile agus dhéileáil sé le tuairim is 5,000 fiosrú teileafóin.

I rith na bliana 2012, fuarthas 50 iarratas ó dhaoine uchtaithe, is é sin, iarratais ar scaoileadh a ndeimhnithe breithe. Scaoileadh 17 ndeimhniú breithe, diúltaíodh do 4 iarratas agus tarraingíodh siar 9 n-iarratas. (Nóta: Bheadh baint ag cuid mhór de na cásanna a bhreithnigh an tÚdarás sa bhliain 2012 le hiarratais a rinneadh roimh an mbliain 2012).

### An Clár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil

Ina theannta sin, phróiseáil an tAonad 542 iarratas chun clárú leis an gClár Náisiúnta Roghanna maidir le Teagmháil i gcás Uchtáil. Rinneadh 54 "meaitseáil" a thaifeadadh freisin i rith na bliana. Sa bhliain 2012, dhéileáil an tseirbhís oibre sóisialta le 115 tharchur nua le haghaidh seirbhísí faisnéise, comhairlithe agus lorgaireachta. Faoi dheireadh na bliana 2012, bhí 7,224 dhuine uchtaithe agus 3,165 ghaol nádúrtha cláraithe. Ón tráth ar cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 2005 tá tuairim is 600 "meaitseáil" aimsithe. De ghnáth, is mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar oibriú an chláir ó 2005 go 2007 atá an miondealú de réir aoise, inscne roghanna teagmhála etc. agus tá an t-athbhreithniú sin ar fáil ag http://www.aai.gov.ie/index.php/information-a-tracing/information-booklets.html

### Reachtaíocht maidir le Faisnéis agus Lorgaireacht

Thug an tÚdarás dá aire an dul chun cinn suntasach a bhí déanta ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le dréachtú Bille um Fhaisnéis agus Lorgaireacht agus fáiltíonn sé roimh an ngealltanas daingean uaithi go gcuirfear an Bille os comhair an Rialtais sa bhliain 2013. Chuaigh oifigigh de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ar a bhfuil freagracht i leith dhréachtú an Bhille i gcomhairle leis an Údarás i rith na bliana 2012.

Chuir an tÚdarás an Roinn ar an eolas faoi thorthaí an phróisis fhorleathain comhairliúcháin a chuir an t-iarBhord Uchtála i gcrích maidir leis an ábhar seo idir na blianta 2003 agus 2007 agus a bhfuarthas ionchur ina leith ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó chleachtóirí de chuid na gComhlachtaí Creidiúnaithe agus, chomh maith leis sin, ó ionadaithe de chuid grúpaí tacaíochta agus tathanta a fheidhmíonn thar ceann daoine uchtaithe, tuismitheoirí nádúrtha agus tuismitheoirí uchtaíocha. Is é a lean as an bpróiseas sin, foilsíodh 'An Creat Caighdeánaithe maidir le Soláthar Seirbhíse Náisiúnta Faisnéise & Lorgaireachta'. Maidir leis an gCreat sin, a fuair tacaíocht ó na páirtithe go léir a bhí bainteach leis le linn an phróisis comhairliúcháin, measann an tÚdarás go léiríonn sé na saincheisteanna deacra casta a thagann chun cinn sa réimse seo agus go soláthraíonn sé

bonn fónta le haghaidh dhréachtú na reachtaíochta trína gcumasófar seirbhís a sholáthar a urramaíonn riachtanais agus cearta gach duine lena mbaineann.

Tá an easpa reachtaíochta den sórt sin fós ina cúis le deacrachtaí maidir le seirbhís a sholáthar a oireann go leordhóthanach do riachtanais agus do mhianta na mílte Éireannach uchtaithe agus do mhianta a ngaolta nádúrtha.

### *Saincheisteanna suntasacha*

Tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil ceart ag gach duine atá uchtaithe chun faisnéis aitheantais a fháil. Ní mór don reachtas breithniú dáiríre a dhéanamh i dtaobh scaoileadh deimhnithe breithe nuair a shroicheann duine aosach uchtaithe 18 mbliana d’aois agus molaimid don Aire an t-ábhar sin a bhreithniú mar ábhar tosaíochta sa reachtaíocht atá le foilsiú.

Tá difear á dhéanamh do níos mó ná 45,000 duine uchtaithe mar gheall ar easpa reachtaíochta reatha, agus easpa reachtaíochta roimhe seo, sa réimse seo. Creideann an tÚdarás gur cóir gur ceart dlíthiúil é scaoileadh faisnéise aitheantais, ach sin faoi réir coinníollacha áirithe (amhail an mháthair bhreithe/nádúrtha a chur ar an eolas sula scaoiltear an fhaisnéis, agus comhairle ní idirghabháil a bheith ann roimh an scaoileadh), de réir mar is amhlaidh i ndlínsí eile. Is eol, mar thoradh ar thaithí agus ar thaighde idirnáisiúnta, go bhfuil rochtain ar eolas faoi theaghlach breithe agus infhaighteacht seirbhísí comhairle agus idirghabhála, i dtaca le cuardach agus teacht le chéile de, ina seirbhísí riachtanacha iaruchtála do dhaoine atá bainteach leis an bpróiseas saolré atá i gceist le huchtáil. D’éagmais reachtaíochta chun cleachtas a fhoirmiú, tá leas bainte as modhanna éagsúla ag daoine chun teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh bhreithe agus, mar thoradh ar úsáid meán sóisialta, tarlaíonn teagmháil láithreach gan aon choimircí a bheith ar fáil, amhail comhairliú agus am ar nithe iad sin atá ag teastáil chun cearta na bpáirtithe go léir sa réimse an-íogair seo a chosaint.

Maidir le daoine a chreideann gur uchtaíodh iad nó a chreideann gur shuigh siad a leanbh lena uchtáil/huchtáil, amhail daoine dá ndéanann clárú neamhdhleathach breithe agus uchtálacha *de facto* difear, tá an tÚdarás ag iarraidh ar an Aire breithniú a dhéanamh i dtaobh ceart a thabhairt dóibh freisin chun leas a bhaint as seirbhísí iaruchtála agus i dtaobh ceart dlíthiúil a bheith acu chun faisnéis aitheantais a fháil i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil.

# 3. UCHTÁIL IDIR TÍORTHA

### Anailís ar Ghníomhaíochtaí

Dheonaigh an tÚdarás 181 Dearbhú Incháilitheachta agus Oiriúnachta sa bhliain 2012 d'iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh thar lear. Cuireadh 242 thaifead san iomlán isteach i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha i leith na n-alt iomchuí go léir den Acht Uchtála 2010.

## Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha - Stáit Choinbhinsiún na Háige

### An Bhulgáir

I rith na bliana 2012, ní bhfuarthas aon tarchuir ón mBulgáir. Samhlaítear go mbeidh an chéad cheann de tharchuir den sórt sin ann go luath sa bhliain 2013. Is é is cúis leis na hamanna fada tarchuir ná go bhfuil iarratasóirí Éireannacha i measc roinnt náisiúntachtaí atá ag súil le huchtáil a dhéanamh sa Bhulgáir. Dá bhrí sin, ní mór dóibh áit a fháil ar an liosta uchtaitheoirí ionchasacha idir tíortha agus tá na chéad iarratasóirí Éireannacha sa Bhulgáir i measc na ndaoine atá á mbreithniú anois maidir le tarchur leanaí.

### Stáit Aontaithe Mheiriceá

Bhuail toscaireacht ón Údarás le Roinn Stáir na Stát Aontaithe (Údarás Lárnach na Stát Aontaithe faoi Choinbhinsiún na Háige 1993) i Márta 2012. Ina dhiaidh sin, rinne an tÚdarás dréachtsocrú riaracháin, inar leagadh amach na ceanglais le haghaidh iarratasóirí Éireannacha ar mian leo uchtáil a dhéanamh ó na Stáit Aontaithe a thíolacadh do Roinn Stáit na Stát Aontaithe.

Maidir leis na ceanglais i gcomhair uchtáil idir tíortha faoi dhlí uchtála na Stát Aontaithe, tá cuid mhór difríochtaí idir iad agus ceanglais dhlí na hÉireann i gcomhair uchtáil bhaile agus, laistigh de na Stáit Aontaithe, cuirtear caighdeáin éagsúla i bhfeidhm i Stáit éagsúla de réir Dhlíthe na Stát ar leithligh.

Tá ábhair imní éagsúla ann agus leagadh amach iad sa Tuarascáil Bhliantúil anuraidh.

Is é a bhí i dtasc an Údaráis próiseas a cheapadh trína ligtear d'iarratasóirí Éireannacha leanúint ar aghaidh le huchtáil ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus, ag an am céanna, na caighdeáin a éilítear faoi Dhlí na hÉireann agus faoi Choinbhinsiún na Háige a choimeád ar bun.

I rith na bliana 2012, creidiúnaíodh ARC Adoption Ltd. chun bheith ag obair sa Stáit Aontaithe agus ceaptar gurb amhlaidh, tar éis an comhaontú thuas a shíniú, go soláthróidh ARC seirbhísí idirghabhála dóibh siúd ar mian leo uchtáil a dhéanamh ó na Stáit Aontaithe.

## Vítneam

I Meán Fómhair 2012, chomhaontaigh Éire agus Vítneam socrú riaracháin trínar ceadaíodh uchtáil athuair idir an dá thír.

Chreidiúnaigh an tÚdarás Helping Hands agus ARC Adoption Ltd chun bheith ag obair i Vítneam. Déanfaidh na gníomhaireachtaí sin údarú a lorg ó údaráis Vítneam chun bheith ag obair i Vítneam mar an chéad chéim eile san oibríocht phraiticiúil a bhaineann le tarchur agus suíomh leanaí ó Vítneam go hÉireann a éascú.

## An India

Thaistil toscaireacht ón Údarás go dtí an India sa bhliain 2012 le haghaidh cainteanna tosaigh i dtaobh conas a d'fhéadfaí uchtáil idir Éire agus an India a atosú faoin gcóras nua clárúcháin ar líne a bhí á mholadh ag CARA, an tÚdarás Lárnach Náisiúnta.

I rith na bliana 2012, fuarthas roinnt tarchur i gcásanna 'píblíne' agus, cé gur cuireadh fáilte mhór roimhe sin, is é an taithí atá ag an Údarás le linn próiseáil a dhéanamh ar na tarchuir sin i gcomhréir le Coinbhinsiún na Háige 1993 ná go ngabhann cuid mhór deacrachtaí leo. Tarlaíonn na deacrachtaí sin mar thoradh, *inter alia*, ar easpa acmhainní i measc údaráis uchtála na hIndia, easpa tuisceana ar phrótacail Choinbhinsiún na Háige i measc Ghníomhaireachtaí Aitheanta Suite na hIndia (RIPA-anna) agus athrú beartais maidir leis an bpróiseas iarratais atá láraithe anois tríd an Údarás Lárnach Acmhainní Uchtála (CARA).

## An Téalainn

Fuair Éire tarchur 5 leanaí ón Téalainn sa bhliain 2012. Ina theannta sin, ghlac Éire le 4 iarratas ó iarratasóirí Éireannacha i rith na bliana 2012. Tá ceist ann i dtaobh an "uchtálacha simplí" nó "uchtálacha iomlána" iad uchtálacha Téalannacha. D'ainneoin comhfhreagras forleathan le hÚdarás Lárnach Náisiúnta na Téalainne níor thángthas ar réiteach fós i leith an ábhair sin.

## Na hOileáin Fhilipíneacha

Fuair Éire 1 tarchur maidir le leanbh as na hOileáin Fhilipíneacha sa bhliain 2012.

I Meán Fómhair 2012, chuir Bord Uchtála Idir Tíortha na nOileán Filipíneach (ICAB) in iúl nach nglacfaí le haon iarratais ó iarratasóirí Éireannacha go dtí go ndéanfaí an tréimhse feithimh le haghaidh leanaí sna hOileáin Fhilipíneacha a laghdú go 1.5 bliain. Ar an 21 Nollaig 2012,bhí 25 iarratasóir Éireannacha cláraithe le ICAB. Dúirt ICAB go ndéanfaí 1 suíomh a leithroinnt d'Éirinn don bhliain 2012 agus go mbeadh 2 shuíomh ann sa bhliain 2013.

# Saincheisteanna a bhaineann le Tíortha Sonracha –- Stáit nach Stáit Choinbhinsiún na Háige iad

## Cónaidhm na Rúise

Ós rud é nach bhfuil Coinbhinsiún na Háige 1993 daingnithe ag an Rúis agus ós rud é nach bhfuil comhaontú déthaobhach ag Éirinn leis an Rúis, níor eisíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta & Oiriúnachta (DES) sa bhliain 2012 le haghaidh iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh ón Rúis.

Bhí iarratasóirí a raibh Dearbhú Incháilitheachta & Oiriúnachta bailí acu sular dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige
i dteideal fadú a fháil i leith na nDearbhuithe sin faoi Alt 63 den Acht Uchtála 2010. Tá uchtáil á cur i gcrích, nó curtha i gcrích, ag roinnt de na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha sin sa Rúis.

## An Aetóip

Ós rud é nach bhfuil Coinbhinsiún na Háige 1993 daingnithe ag an Aetóip agus ós rud é nach bhfuil comhaontú déthaobhach ag Éirinn leis an Aetóip, níor eisíodh aon Dearbhuithe Incháilitheachta & Oiriúnachta sa bhliain 2012 le haghaidh iarratasóirí a bhí ag iarraidh uchtáil a dhéanamh ón Aetóip.

Bhí iarratasóirí a raibh Dearbhú Incháilitheachta & Oiriúnachta bailí acu sular dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Háige
i dteideal fadú a fháil i leith na nDearbhuithe sin faoi Alt 63 den Acht Uchtála 2010. Tá uchtáil á cur i gcrích, nó curtha i gcrích, ag roinnt de na tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha sin san Aetóip.

## *Saincheisteanna suntasacha*

Molann an tÚdarás don Aire breithniú a dhéanamh i dtaobh aoisteorainneacha uasta a thabhairt isteach le haghaidh tuismitheoirí uchtaíocha ionchasacha sa chomhthéacs a bhaineann seo a leanas: leasanna leanaí, na cumas tuismitheoireachta atá ag teastáil i bhfianaise phróifíl athraitheach na leanaí, caighdeáin idirnáisiúnta ar dá réir a mheastar gur 42 bhliain is ceart a bheith ann mar bhearna aoise idir an t-aosach agus an leanbh agus an tréimhse ama a bhíonn le caitheamh ag uchtaitheoirí ionchasacha ar liostaí i dtíortha éagsúla sula ndéantar tarchur. De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil don Údarás don bhliain 2012, léirítear go bhfuil tromlach (73%) na n-uchtaitheoirí idir tíortha san aoisghrúpa 40 - 51, go bhfuil roinnt uchtaitheoirí idir tíortha (5.4%) os cionn 50 bliain d’aois agus go bhfuil 40.7% de na daoine a dhéanann uchtáil idir tíortha os cionn 45 bliana d’aois.

Ar mhaithe le leasanna leanaí, molann an tÚdarás don Aire breithniú a dhéanamh i dtaobh uchtáil a chur ar fáil do chéile uchtaitheoirí aonair is iarratasóirí, ar daoine iad a phósann ina dhiaidh sin, agus sin a dhéanamh mar gheall ar an tslándáil iomlán dlí agus teaghlaigh atá ann do leanaí uchtaithe i dteaghlaigh atá bunaithe ar phósadh in Éirinn.

Molann an tÚdarás don Aire breithniú a dhéanamh i dtaobh an reachtaíocht a leasú chun ligean don Údarás, gan aon ghá le dul i muinín na hArd-Chúirte, toiliú an tuismitheora (na dtuismitheoirí) nádúrtha/breithe a ligean thar ceal i gcás ina ndéantar leanaí a thabhairt isteach ó stáit Choinbhinsiún na Háige faoi Orduithe Caomhnóireachta/'uchtálacha simplí'.

## 4. TÁBLAÍ STAITISTIÚLA

| | |
|---|---|
| **Tábla 1** | Treochtaí Breithe agus Uchtála Baile in Éirinn sa tréimhse 1953-2012 |
| **Tábla 2** | Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist |
| **Tábla 3** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2012, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| **Tábla 4** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2012, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| **Tábla 5** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2012, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **roimh** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu ó Údarás Uchtála na hÉireann tráth déanta na huchtála. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| **Tábla 6** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2012, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **tar éis** achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| **Tábla 7** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2008 agus 2012, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála (Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo). |
| **Tábla 8** | An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2012 (Gach Roinn) |
| **Tábla 9** | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991 |
| **Tábla 10** | An líon iomlán Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann faoin Acht Uchtála 2010 |
| **Tábla 11** | Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2012 |

## Table 1. Birth and Domestic Adoption Trends in Ireland 1953-2012

| Year | Total Births | Non-Marital Births | % of Total Births | Number of Adoptions | Adoptions as a % of Non-Marital Births |
|---|---|---|---|---|---|
| 1953 | 62,558 | 1,340 | 2.14 | 381 | 28.40 |
| 1954 | 62,534 | 1,310 | 2.09 | 888 | 67.80 |
| 1955 | 61,662 | 1,234 | 2.00 | 786 | 63.70 |
| 1956 | 60,740 | 1,173 | 1.93 | 565 | 48.20 |
| 1957 | 61,242 | 1,032 | 1.69 | 752 | 72.90 |
| 1958 | 59,510 | 976 | 1.64 | 592 | 60.70 |
| 1959 | 60,188 | 959 | 1.59 | 501 | 52.20 |
| 1960 | 60,735 | 968 | 1.59 | 505 | 52.20 |
| 1961 | 59,825 | 975 | 1.63 | 547 | 56.10 |
| 1962 | 61,782 | 1,111 | 1.80 | 699 | 62.90 |
| 1963 | 63,246 | 1,157 | 1.83 | 840 | 72.60 |
| 1964 | 64,072 | 1,292 | 2.02 | 1,003 | 77.60 |
| 1965 | 63,525 | 1,403 | 2.21 | 1,049 | 74.77 |
| 1966 | 62,215 | 1,436 | 2.31 | 1,178 | 82.03 |
| 1967 | 61,307 | 1,540 | 2.51 | 1,493 | 96.95 |
| 1968 | 61,004 | 1,558 | 2.55 | 1,343 | 86.20 |
| 1969 | 62,912 | 1,642 | 2.61 | 1,225 | 74.60 |
| 1970 | 64,382 | 1,709 | 2.65 | 1,414 | 82.74 |
| 1971 | 67,551 | 1,842 | 2.73 | 1,305 | 70.85 |
| 1972 | 68,527 | 2,005 | 2.93 | 1,291 | 64.39 |
| 1973 | 68,713 | 2,167 | 3.15 | 1,402 | 64.70 |
| 1974 | 68,907 | 2,309 | 3.35 | 1,415 | 61.28 |
| 1975 | 67,178 | 2,515 | 3.74 | 1,443 | 57.38 |
| 1976 | 67,718 | 2,545 | 3.76 | 1,104 | 43.38 |
| 1977 | 68,892 | 2,877 | 4.18 | 1,127 | 39.17 |
| 1978 | 70,299 | 3,003 | 4.27 | 1,223 | 40.73 |
| 1979 | 72,539 | 3,337 | 4.60 | 988 | 29.61 |
| 1980 | 74,064 | 3,723 | 5.03 | 1,115 | 29.95 |
| 1981 | 72,158 | 3,914 | 5.42 | 1,191 | 30.43 |
| 1982 | 70,843 | 4,358 | 6.15 | 1,191 | 27.33 |
| 1983 | 67,117 | 4,552 | 6.78 | 1,184 | 26.01 |

**Table 1. Birth and Domestic Adoption Trends in Ireland 1953-2012**

| Year | Total Births | Non-Marital Births | % of Total Births | Number of Adoptions | Adoptions as a % of Non-Marital Births |
|---|---|---|---|---|---|
| 1984 | 64,062 | 5,116 | 7.99 | 1,195 | 23.36 |
| 1985 | 62,388 | 5,282 | 8.47 | 882 | 16.70 |
| 1986 | 61,620 | 5,946 | 9.65 | 800 | 13.45 |
| 1987 | 58,433 | 6,347 | 10.86 | 715 | 11.27 |
| 1988 | 54,600 | 6,483 | 11.87 | 649 | 10.01 |
| 1989 | 52,018 | 6,671 | 12.82 | 615 | 9.22 |
| 1990 | 53,044 | 7,767 | 14.64 | 648 | 8.34 |
| 1991 | 52,718 | 8,912 | 16.91 | 590 | 6.62 |
| 1992 | 51,089 | 9,211 | 18.03 | 523 | 5.68 |
| 1993 | 49,304 | 9,826 | 19.93 | 500 | 5.09 |
| 1994 | 47,928 | 9,904 | 20.66 | 424 | 4.28 |
| 1995 | 48,530 | 10,788 | 22.23 | 490 | 4.54 |
| 1996 | 50,390 | 12,484 | 24.77 | 405 | 3.24 |
| 1997 | 52,311 | 13,892 | 26.56 | 422 | 3.04 |
| 1998 | 53,551 | 15,133 | 28.26 | 400 | 2.64 |
| 1999 | 53,354 | 16,461 | 30.85 | 317 | 1.93 |
| 2000 | 54,239 | 17,235 | 31.78 | 303 | 1.76 |
| 2001 | 57,882 | 18,049 | 31.18 | 293 | 1.62 |
| 2002 | 60,521 | 18,815 | 31.09 | 266 | 1.41 |
| 2003 | 61,517 | 19,313 | 31.39 | 263 | 1.36 |
| 2004 | 61,684 | 19,935 | 32.32 | 273 | 1.37 |
| 2005 | 61,042 | 19,528 | 32.00 | 253 | 1.30 |
| 2006 | 64,237 | 21,295 | 33.15 | 222 | 1.04 |
| 2007 | 70,620 | 23,170 | 32.81 | 187 | 0.81 |
| 2008 | 75,065 | 24,844 | 33.09 | 200 | 0.80 |
| 2009 | 74,728 | 24,532 | 32.82 | 190 | 0.77 |
| 2010 | 73,724 | 24,860 | 33.72 | 189 | 0.76 |
| 2011 | 74,650 | 25,157 | 33.70 | 39 | 0.15 |
| 2012 | 72,225 | 25,344 | 35.09 | 49 | 0.19 |

*Sources: Statistical Abstracts, (various years) C.S.O.*

| Tábla 2 Orduithe Uchtála a deonaíodh/Comhlachtaí Creidiúnaithe a bhí i gceist | |
|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 49 |

**Table 3.**
Entries in the Register of Foreign Adoptions, 1991-2010, entered pursuant to Section 5 of the Adoption Act 1991 **and** in the Register of Intercountry Adoptions, pursuant to Section 57(2)(b)(ii) of the Adoption Act 2010, for 2011-2012. (Applicants habitually resident in Ireland holding a valid Declaration of Eligibility & Suitability at the time of effecting the adoption)

| No. | Country | No. of Children | % of Total |
|---|---|---|---|
| 1 | Russia | 1582 | 33.10 |
| 2 | Romania | 786 | 16.85 |
| 3 | Vietnam | 782 | 16.77 |
| 4 | China | 385 | 8.23 |
| 5 | Ethiopia | 275 | 5.75 |
| 6 | Guatemala | 176 | 3.77 |
| 7 | Kazakhstan | 149 | 3.19 |
| 8 | Belarus | 145 | 3.11 |
| 9 | Thailand | 101 | 2.11 |
| 10 | Ukraine | 99 | 2.07 |
| 11 | Mexico | 91 | 1.94 |
| 12 | United States of America | 55 | 1.15 |
| 13 | India | 38 | 0.79 |
| 14 | Colombia | 18 | 0.38 |
| 15 | Taiwan | 18 | 0.38 |
| 16 | Brazil | 17 | 0.36 |
| 17 | Paraguay | 16 | 0.34 |
| 18 | Philippines | 11 | 0.23 |
| 19 | Peru | 6 | 0.13 |
| 20 | Bulgaria | 5 | 0.11 |
| 21 | Cambodia | 3 | 0.06 |
| 22 | Uganda | 2 | 0.04 |
| 23 | Uzbekistan | 2 | 0.04 |
| 24 | Chile | 1 | 0.02 |
| 25 | El Salvador | 1 | 0.02 |
| 26 | Israel | 1 | 0.02 |

**Tábla 3**
Taifid i gClár na nUchtálacha Coigríche, 1991-2010, a cuireadh isteach de bhun Alt 5 den Acht Uchtála 1991, **agus** i gClár na nUchtálacha idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010, don tréimhse 2011-2012. (Gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála).

| An Líon | An Tír | An Líon Leanaí | % den Iomlán |
|---|---|---|---|
| 27 | An tSeapáin | 1 | 0.02 |
| 28 | An Liobáin | 1 | 0.02 |
| 29 | An Bholaiv | 1 | 0.02 |
| 30 | Srí Lanca | 1 | 0.02 |
| 31 | Veiniséala | 1 | 0.02 |
| 32 | An tSaimbia | 1 | 0.02 |
| 33 | An Chéinia | 1 | 0.02 |
| 34 | An tSiombáib | 1 | 0.02 |
| 35 | Maracó | 1 | 0.02 |
| 36 | An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 | 0.02 |
| 37 | An Mhaláiv | 1 | 0.02 |
| 38 | An Libia | 1 | 0.02 |
| 39 | An Afraic Theas | 1 | 0.02 |
| | **Iomlán** | **4778** | **100** |

**Tábla 4.**
Taifid i gClár na nUchtálacha Idir Tíortha, de bhun Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010, don bhliain 2012 a
(Iarratasóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta na

| An Tír | 2012 |
|---|---|
| An Rúis | 49 |
| An Aetóip | 32 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 19 |
| An tSín | 1 |
| An | 10 |
| Meicsice | 1 |
| An | 3 |
| An | 2 |
| **Iomlá** | **117** |

**Tábla 5**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2012, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha **roimh** achtú an Achta Uchtála 2010. (Baineann Alt 57(2)(a) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2012** |
|---|---|
| An Astráil | 3 |
| An Bheilg | 1 |
| Ceanada | 6 |
| An tSín | 11 |
| Sasana | 29 |
| An Aetóip | 1 |
| An Fhrainc | 2 |
| Hong Cong | 1 |
| An Chéinia | 2 |
| Poblacht na Cóiré | 1 |
| An Libéir | 1 |
| An Nua-Shéalainn | 2 |
| Tuaisceart Éireann | 4 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| An Rómáin | 1 |
| Singeapór | 1 |
| An Afraic Theas | 4 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 25 |
| Vítneam | 1 |
| An tSiombáib | 1 |
| **Iomlán** | **98** |

**Tábla 6**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh sa bhliain 2012, i gcás ina ndearnadh na huchtálacha tar éis achtú an Achta Uchtála 2010 agus i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí thar lear. (Baineann Alt 57(2)(b)(i) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 1 |
| An tSín | 2 |
| An Cholóim | 1 |
| Sasana | 8 |
| An India | 1 |
| Hong Cong | 3 |
| New Jersey, Stáit Aontaithe Mheiriceá | 1 |
| New South Wales, An Astráil | 1 |
| Tuaisceart Éireann | 1 |
| North Carolina, Stáit Aontaithe Mheiriceá | 1 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 1 |
| An Rúis | 2 |
| Singeapór | 2 |
| An Afraic Theas | 1 |
| An Eilvéis | 1 |
| An Úcráin | 1 |
| An Úisbéiceastáin | 1 |
| **Iomlán** | **29** |

**Tábla 7**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 2007 agus 2012, i gcás ina raibh gnáthchónaí ar na huchtaitheoirí in Éirinn agus ina raibh Dearbhú bailí Incháilitheachta & Oiriúnachta acu tráth déanta na huchtála
(Baineann Alt 5 den Acht Uchtála 1991 agus Alt 57(2)(b)(ii) den Acht Uchtála 2010 leis an ábhar seo).

| **An Tír** | **2008** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** |
|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bhealarúis | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Chambóid | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 |
| An tSín | 19 | 10 | 9 | 6 | 1 |
| An Cholóim | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Aetóip | 26 | 21 | 75 | 42 | 32 |
| An India | 0 | 0 | 0 | 0 | 10 |
| An Chasacstáin | 4 | 7 | 1 | 4 | 0 |
| Meicsiceo | 22 | 16 | 10 | 3 | 1 |
| Peiriú | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Na hOileáin Philipíneacha | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| An Rómáin | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Rúis | 117 | 100 | 80 | 124 | 49 |
| An Afraic Theas | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Téaváin | 0 | 2 | 1 | 1 | 3 |
| An Téalainn | 11 | 6 | 2 | 0 | 2 |
| An Úcráin | 9 | 2 | 2 | 0 | 0 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 4 | 4 | 7 | 7 | 19 |
| An Úisbéiceastáin | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Vítneam | 182 | 136 | 10 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **397** | **307** | **200** | **188** | **117** |

**Tábla 8**
An líon iomlán uchtálacha a aithníodh idir na blianta 1991 agus 2012 (Gach Roinn)

| **Bliain** | |
|---|---|
| 1991 | 58 |
| 1992 | 305 |
| 1993 | 59 |
| 1994 | 67 |
| 1995 | 90 |

| | | |
|---|---|---|
| 1996 | 117 | |
| 1997 | 148 | |
| 1998 | 260 | |
| 1999 | 284 | |
| 2000 | 323 | |
| 2001 | 285 | |
| 2002 | 440 | |
| 2003 | 487 | |
| 2004 | 486 | |
| 2005 | 439 | |
| 2006 | 406 | |
| 2007 | 436 | |
| 2008 | 490 | |
| 2009 | 394 | |
| 2010 | 288 | |
| 2011 | 342 | |
| 2012 | 244 | <(Iomlán Tháblaí 4, 5, 6) |
| **Iomlán** | **6,448** | |

**Tábla 9**
An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag an mBord Uchtála faoin Acht Uchtála 1991.

| **Bliain** | **An Líon Dearbhuithe a Deonaíodh** | **An Líon Dearbhuithe ar Diúltaíodh dóibh** |
|---|---|---|
| 1991 | 4 | 1 |
| 1992 | 40 | 1 |
| 1993 | 54 | 6 |
| 1994 | 63 | 3 |
| 1995 | 109 | 4 |
| 1996 | 117 | 5 |

| | | |
|---|---|---|
| 1997 | 176 | 1 |
| 1998 | 206 | 3 |
| 1999 | 242 | 1 |
| 2000 | 282 | 1 |
| 2001 | 391 | 1 |
| 2002 | 399 | 1 |
| 2003 | 468 | 0 |
| 2004 | 461 | 0 |
| 2005 | 403 | 3 |
| 2006 | 400 | 3 |
| 2007 | 452 | 5 |
| 2008 | 494 | 1 |
| 2009 | 391 | 1 |
| 2010 | 423 | 1 |
| **Iomlán** | **5,575** | **40** |

**Tábla 10**
An líon Dearbhuithe Incháilitheachta agus Oiriúnachta arna ndeonú agus arna ndiúltú ag Údarás Uchtála na hÉireann idir na blianta 2010 agus 2012 faoin Acht Uchtála 2010.

| Bliain | An Líon Dearbhuithe Alt 40 a Deonaíodh | An Líon Dearbhuithe Alt 40 ar Diúltaíodh dóibh |
|---|---|---|
| 2010 | 20 | 0 |
| 2011 | 205 | 0 |
| 2012 | 164 | 2 |
| **Iomlán** | **389** | **2** |

**Tábla 11** Comhlachtaí Creidiúnaithe a creidiúnaíodh sa bhliain 2012

| Uimh. Cláraithe | Ainm an Chomhlachta Chreidiúnaithe | Na gníomhaíochtaí a dtugtar creidiúnú ina leith |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| AB13/2012<br>AN 12/06/2012 | Helping Hands Adoption Facilitation Agency t/a<br>Helping Hands Adoption Mediation Agency<br>Forge Lodge,<br>Cnoc na Ceártan,<br>Corcaigh. | Alt 4 (a, b, c, d)<br>Na hOileáin Fhilipíneacha (12/6/12)<br>Vítneam (12/6/12) |
| AB14/2012<br>AN 11/12/2012 | Family Bridge Adoptions Limited<br>5 Cúirt Dhídean na bhFianna<br>Cluain Aodha<br>Baile Átha Cliath 15 | Alt 4 (a, b, c, d)<br>An India (11/12/12)<br>An Chasacstáin (11/12/12)<br>An Chéinia (11/12/12) |